

## Ag tomhas

	<b>Céim 1</b> (Naíonáin Bheaga agus Mhóra)	<b>Céim 2</b> (Rang a hAon agus a Dó)	<b>Céim 3</b> (Rang a Trí agus a Ceathair)	<b>Céim 4</b> (Rang a Cúig agus a Sé)
<i>Trí eispéiris chuí foghlama spraiúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh an páiste in ann</i>				
<b>Torthaí Foghlama</b>	feasacht a léiriú gur féidir gnéithe rudaí amhail fad, meáchan, toilleadh agus achar a thomhas agus a chur i gcomparáid.	fad, meáchan, toilleadh agus achar a chur i gcomparáid, a shracmheas agus a thomhas trí úsáid a bhaint as na huirlisí cuí agus é seo a thaifeadadh le haonaid tomhais cuí.	fad, meáchan, toilleadh, achar agus toirt a chur i gcomparáid, a gharmheas agus a thomhas trí úsáid a bhaint as na huirlisí cuí agus é seo a thaifeadadh agus a chur in iúl mar is cuí.  na coibhneasa idir aonaid choibhéiseacha tomhais a shainaithint agus tomhais a athainmniú trí úsáid a bhaint as aonaid choibhéiseacha.	teacht ar aonaid tomhais agus iad a ríomh i bhfoirm chodánach agus/nó dheachúlach chun fadhbanna praiticiúla a réiteach.  tomhais a fháil, a léirmhíniú agus a dhéaduchtú go trialach le beachtas ag méadú.
<b>Coincheapa matamaiticiúla</b>	Tá gnéithe ag rudaí gur féidir a thomhas ar nós fad, meáchan, toilleadh agus achar.	Tá bun-aonaid tomhais choitianta úsáideach chun comparáidí a dhéanamh agus a scrúdú.	Cuidíonn aonaid mhéadracha linn chun tomhais a shainmhíniú, a chur in iúl agus a ríomh le tuilleadh cruinnis agus beachtais i gcónaí.	Tá sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar an gcuspóir agus ar phraiticiúlacht nuair atáthar ag roghnú aonad agus ionstraimí chun tabhairt faoi thomhas.
	Is é ceann de chuspóirí an tomhais, chun rudaí a chur i gcomparáid.	Tá tionchar ag méid an aonaid roghnaithe ar an méid aonad a theastaíonn chun réad a mheas.	Is féidir tomhais a dhéanamh níos cruinne ach aonaid mhéadracha a úsáid (iolraithe nó fo-rannta de bhunaonaid m.sh., km nó cm), ach a thabhairt faoi deara go bhfuil méid áirithe neastacháin bhunúsaigh ag baint le gach tomhas.	Is minic a bhíonn baint ag cuir síos agus comparáidí le tomhas ar níos mó ná aitreabúid amháin.
	Is féidir linn rudaí a chur i gcomparáid agus a chur in ord de réir aitreabúid faoi leith (méid físiúil) atá acu i gcomparáid lena chéile.	Is féidir linn méideanna a chur i gcomparáid, a mheas agus a chur in ord ach aonad cuí a roghnú agus ag fáil amach cé mhéad aonad atá ag an rud.	Tá an córas méadrach bunaithe ar iolraithe atá ag deich. Is féidir aon tomhas tugtha in aonad méadrach amháin (m.sh., cileagram) a athrú go dtí agus athainmniú mar aonad méadrach eile (m.sh., gram).	Cuidíonn an caidreamh idir aonaid chothroma sa chóras méadrach linn chun breithiúnas a thabhairt ar aitreabúidí, chun bogadh go solúbtha idir aonaid agus chun ríomhanna a dhéanamh.
	Cuirtear aitreabúidí in ord agus i gcomparáid lena chéile ach úsáid a bhaint as aonaid tomhais.	Is uirlisí iad ionstraimí tomhais (m.sh., rialóirí) chun méideanna nó aitreabúidí físiúla a mheas amhail fad, meáchan agus toilleadh.	Is féidir an caidreamh idir réimíreanna a thuiscint agus a chur i bhfeidhm ar bhealach cosúil leis sin thar aonaid dhifriúla tomhais.	Forbraítear tuiscint ar thomhas de réir mar a cheanglaímid brí na n-aonad tomhais le tagarmharcanna tomhais sa ghnáthshaol.